CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1183 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Iúil 2021

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 a mhéid a bhaineann le tagairtí do Dhoiciméid um Measúnú Eorpach a fhoilsiú le haghaidh táirgí foirgníochta áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 22 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, úsáidfidh Comhlachtaí um Measúnú Teicniúil na modhanna agus na critéir a sholáthraítear i nDoiciméid um Measúnú Eorpach, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht táirgí foirgníochta a chumhdaítear leis na doiciméid sin i ndáil lena mbuntréithe.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, ar lorg roinnt iarratas ó mhonaróirí ar Mheasúnuithe Teicniúla Eorpacha, tá 16 Dhoiciméad um Measúnú Eorpach tarraingthe suas agus glactha ag eagraíocht na gComhlachtaí um Measúnú Teicniúil chomh maith le ceartú amháin ([2]).

(3) Na Doiciméid um Measúnú Eorpach a tharraing na Comhlachtaí um Measúnú Teicniúil suas agus a ghlac siad, baineann siad leis na táirgí foirgníochta seo a leanas:

— Dorasfhoirne inmheánacha tinedhíonacha agus/nó rialaithe deataigh painéil amháin nó dhá phainéal, déanta de phróifílí speisialta a bhfuil fráma cruach orthu;

— Mogalra snátha gloine lena ndéantar rindreálacha stroighniúla nó stroighne a threisiú;

— Painéil síleála réamhbhrataithe le mianra;

— Córas inslithe theirmigh ilchodach seachtrach (ETICS) ar a bhfuil rindreáil ar bhoird bunaithe ar stroighin polaistiréin;

— Adhmad lannaithe gliúáilte déanta de chrua-adhmad soladach;

— Leatháin mhiotail L-chruthacha nó Z-chruthacha chun friotaíocht phuinseála in aghaidh fiaradh leacacha cothroma nó gróigeán agus leacacha talún a mhéadú;

— Cúplóirí le haghaidh spladhsanna ar bharraí cruach treisithe;

— Ionaid chóireála fuíolluisce réamhdhéanta le haghaidh 51 suas le 500 PT ar a laghad;

— Córais scrideála tirime teirmí agus inslithe fuaime ina bhfuil eilimintí d'urlárach réamhdhéanta;

— Pacáiste le haghaidh balla ualachiompartha seachtrach agus spiara;

— Breismheascadh imdhíonta le haghaidh coincréite;

— Ancairí plaisteacha le haghaidh córais neamhstruchtúracha i gconcréit agus saoirseacht;

— Ceanglóir pointí de chruach dhosmálta le haghaidh cumhdaigh ghloine;

— Pacáiste tógála painéalbhunaithe struchtúrach;

([1]) IO L 88, 4.4.2011, lch. 5.

([2]) Ceartú ar an Doiciméad um Measúnú Eorpach a foilsíodh in IO L 359, 29.10.2020 is ea an Doiciméad um Measúnú Eorpach a bhaineann le "duail le haghaidh ailt struchtúracha faoi lódáil statach agus chuasa-statach".

— Struchtúr tógála reilige modúlach réamhdhéanta;

— Córas draenála a úsáidtear in uaimheanna carraige faoi thalamh;

— Duail le haghaidh ailt struchtúracha faoi lódáil statach agus chuasa-statach.

(4) Na Doiciméid um Measúnú Eorpach a tharraing eagraíocht na gComhlachtaí um Measúnú Teicniúil suas agus a ghlac sí, comhlíonann siad na riachtanais atá le comhlíonadh maidir leis na buncheanglais i ndáil le hoibreacha foirgníochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011. Dá bhrí sin, is iomchuí tagairtí na nDoiciméad um Measúnú Eorpach sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(5) Foilsítear liosta tagairtí na nDoiciméad um Measúnú Eorpach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 ón gCoimisiún ([3]). Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart tagairtí do Dhoiciméid nua um Measúnú Eorpach a chur leis an liosta sin.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 a leasú dá réir.

(7) Chun gur féidir na Doiciméid um Measúnú Eorpach a úsáid a luaithe agus is féidir, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 ón gCoimisiún an 19 Márta 2019 maidir le foilsiú na nDoiciméad um Measúnú Eorpach (EADanna) le haghaidh táirgí foirgníochta arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 77, 20.3.2019, lch. 78).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 mar seo a leanas:

(a) cuirtear isteach na rónna seo a leanas in ord seicheamhach de réir ord na n-uimhreacha tagartha:

“020062-00-1102	Dorasfhoirne inmheánacha tinedhíonacha agus/nó rialaithe deataigh aon phainéal nó dhá phainéal déanta de phróifílí speisialta a bhfuil fráma cruach orthu”
“040016-01-0404	Mogalra snátha gloine lena ndéantar rindreálacha stroighniúla nó stroighne a threisiú (a chuirfear in ionad EAD 040016-00-0404)”
“040036-00-0501	Painéil síleála réamhbhrataithe le mianra”
“040759-00-0404	Córas inslithe theirmigh ilchodach seachtrach (ETICS) ar a bhfuil rindreáil ar bhoird bunaithe ar stroighin polaistiréin”
“130320-00-0304	Adhmad lannaithe gliúáilte déanta de chrua-adhmad soladach”
“160057-00-0301	Leatháin mhiotail L-chruthacha nó Z-chruthacha chun friotaíocht phuinseála in aghaidh fiaradh leacacha cothroma nó gróigeán agus leacacha talún a mhéadú”
“160129-00-0301	Cúplóirí le haghaidh spladhsanna ar bharraí cruach treisithe”
“180025-00-0704	Ionaid chóireála fuíolluisce réamhdhéanta le haghaidh 51 suas le 500 PT ar a laghad”
“190013-00-0502	Córais scrideála tirime theirmí agus inslithe fuaime ina bhfuil eilimintí d’urlárach réamhdhéanta”
“200207-00-0302	Pacáiste le haghaidh balla ualachiompartha seachtrach agus spiara”
“260026-00-0301	Breismheascadh imdhíonta le haghaidh coincréite”
“330284-00-0604	Ancairí plaisteacha le haghaidh córais neamhstruchtúracha i gconcréit agus saoirseacht (a chuirfear in ionad sonraíocht theicniúil ETAG 020)”
“332229-00-0602	Ceanglóir pointí de chruach dhosmálta le haghaidh cumhdaigh ghloine”
“340179-00-0203	Pacáiste tógála painéalbhunaithe struchtúrach”
“340383-00-0203	Struchtúr tógála reilige modúlach réamhdhéanta”
“360027-00-0101	Córas draenála a úsáidtear in uaimheanna carraige faoi thalamh”

(b) an ró seo a leanas:

“050019-00-0601	Duail le haghaidh ailt struchtúracha faoi lódáil statach agus chuasa-statach (a chuirfear in ionad sonraíocht theicniúil ETAG 030)”

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

“050019-00-0301	Duail le haghaidh ailt struchtúracha faoi lódáil statach agus chuasa-statach (a chuirfear in ionad sonraíocht teicniúil ETAG 030)”